CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 20 Márta 2023

Intleacht Shaorga ar na bacáin mar ábhar iniúchóireachta do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

- ***Tá Intleacht Shaorga (IS) ríthábhachtach le haghaidh iomaíochais an gheilleagair amach anseo.***
- ***Tá baol ann go dtitfidh an tAontas siar sa rás tábhachtach teicneolaíoch seo***
- ***Déanfaidh na hiniúchóirí measúnú ar ghníomhaíocht Eorpach atá beartaithe chun borradh a chur faoi fhorbairt IS***

Tá Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ag cur tús le measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíocht Eorpach chun tacú le forbairt na hintleachta saorga (IS). Déanfaidh na hiniúchóirí scrúdú féachaint an bhfuil pleananna agus bearta airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh ina gcuidiú chun an Eoraip a chur chun tosaigh i gcúrsaí IS.

Tá ríthábhacht ag baint le hintleacht shaorga maidir leis an aistriú digiteach, an beartas tionscail agus an neamhspleáchas straitéiseach san Aontas. Tá an réabhlóid faoi lán seoil, ach tá an Eoraip fós ag titim siar maidir le príomhghnéithe amhail maoiniú. Meastar gurb ionann an méid infheistíochta in IS san Aontas agus leath den mhéid a infheistítear ann in SAM. Bhí níos lú ná 1 in 10 ngnó san Aontas (8%) ag úsáid IS in 2021, le difríochtaí suntasacha idir tíortha an Aontais. Cé go raibh beagnach 1 as gach 4 ghnó sa Danmhairg (24%) ag úsáid IS chomh maith le níos mó ná 15% sa Phortaingéil (17%) agus san Fhionlainn (16%), thit an sciar sin go dtí níos lú ná 5% i bPoblacht na Seice, sa Laitvia agus sa Liotuáin (4% an tír), sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Chipir, san Ungáir agus sa Pholainn (3% an tír), agus sa Rómáin (1%).

'Gan amhras, beidh go leor buntáistí suntasacha i réimse leathan earnálacha mar gheall ar intleacht shaorga,', a dúirt Mihails Kozlovs, Comhalta na Cúirte Iniúchóirí a bheidh i gceannas ar an iniúchadh, *'agus tá iomaíochas an Aontais ag brath go mór ar an ábhar seo. Déanfaidh ár n-iniúchadh a chinneadh an bhfuil iarracht leordhóthanach á dhéanamh chun an Eoraip a chosc ó chailliúint amach ar an mór-réabhlóid teicneolaíoch seo'.*

Le bheith in ann páirt a ghlacadh sa rás, bhí an tAontas ag súil le beagnach €10 mbilliún a leithdháileadh óna bhuiséad do IS idir 2014 agus 2027. Ina theannta sin, gheobhaidh aistriú digiteach an Aontais maoiniú ar a laghad 20 % ón €724 bhilliún atá á chur ar fáil faoi Shaoráid

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na réamhléirithe iniúchóireachta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá ar fáil ar eca.europa.eu, a chur in iúl.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) na paindéime. Ar deireadh, déanfaidh an Ciste InvestEU infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a shlógadh trí ráthaíocht ó bhuiséad an Aontais ar luach €6.6 billiún, agus taighde, nuálaíocht agus digitiú a dhéanamh leis sin. Tríd is tríd, tá sé mar chuspóir infheistíochtaí in IS a mhéadú de réir a chéile go €20 billiún in aghaidh na bliana i gcaitheamh na ndeich mbliana seo.

San iniúchadh, déanfar a sheiceáil an ann do na príomhchoinníollacha san Aontas chun borradh a chur faoi fhorbairt IS. Déanfaidh na hiniúchóirí measúnú féachaint an gcinntíonn an Coimisiún Eorpach go dtacaíonn airgead an Aontais le héiceachóras na hintleachta saorga Eorpaigh atá iomaíoch agus iomchuí a chruthú, lena gcuirtear san áireamh tábhacht straitéiseach an IS agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sábháilteacht agus slándáil.

Faisnéis chúlra

Ghlac an Coimisiún Eorpach plean comhordaithe ar leibhéal an Aontais maidir le IS in 2018, agus bhí sé mar sprioc iomlán aige ceannaireacht a bhaint amach maidir le IS úrnua a fhorbairt agus a dháileadh, chomh maith le táirgí IS atá eiticiúil agus sábháilte a chinntiú. Rinneadh nuashonrú ar an bplean in 2021.

Tá an Réamhléiriú iniúchóireachta 02/2023: *'Intleacht shaorga san Aontas Eorpach'* ar fáil i mBéarla ar an suíomh gréasáin ECA website. Tá réamhléirithe iniúchóireachta bunaithe ar obair ullmhúcháin a dhéantar sula gcuirtear tús leis an iniúchóireacht féin. Níor cheart iad a mheas mar bharúlacha, conclúidí ná moltaí iniúchóireachta. Meastar go bhfoilseofar an t-iniúchadh i gceann bliana nó mar sin.

Teagmháil don phreas

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

— Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
— Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
— Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547